



An Bhruiséil, 4 Nollaig 2018
(OR. en, fr)

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2017/0121(COD)
2017/0122(COD)
2017/0123(COD)

15084/18
ADD 1

TRANS 603
SOC 754
EMPL 559
MI 922
COMPET 838
CODEC 2194

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. ST 14802/18 + ADD 1 to ADD 4
roimhe seo:

Uimh. an doic. ón ST 9668/17
gCoim.: ST 9670/17
ST 9671/17

Ábhar: Pacáiste Soghluaisteachta I:

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí san earnáil

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 i dtaca le riachtanais íosta maidir le huastreimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla agus, íos-sosanna tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla agus Rialachán (AE) 165/2014 i dtaca le suíomh le tacagraif

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar

– Ráitis

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na ráitis a rinne na toscaireachtaí agus cur chuige ginearálta na Comhairle maidir leis na tograí thuasluaite á phlé.

An Pholainn, an Bhulgáir, an Liotuáin, Málta, an Ungáir

Is oth leis an bPolainn, leis an mBulgáir, leis an Liotuáin, le Málta agus leis an Ungáir a thabhairt dá n-aire gur baineadh an barr de sprioc thosaigh Phacáiste Soghluaisteachta I chun na rialacha don earnáil iompair a shimpliú agus a shoiléiriú agus chun feabhas a chur ar dhálaí sóisialta agus oibre tiománaithe de bharr na n-iarrachtaí atá ar bun chun an margadh a dheighilt agus margai inmheánacha roinnt Ballstát a chosaint.

Ní chuirtear san áireamh i gcur chuige ginearálta Phacáiste Soghluaisteachta I sainiúlachtaí geografacha na mBallstát atá lonnaithe ag teorainneacha seachtracha an Aontais. Ní chuirtear san áireamh ach oiread sa phacáiste atá beartaithe na fadhbanna sonracha a bhíonn ag stáit ar oileáin iad. Thairis sin, ní hamháin nach dtugtar cothrom na Féinne d'oibreoirí laistigh den Aontas ach cuirtear iomaíochas idirnáisiúnta earnáil tarlaithe de bhóthar an Aontais i mbaol.

In ionad forálacha cothromaithe agus fíorchomhréiteach a chuideodh le Margadh Aonair dea-fheidhmiúil a bhaint amach, forchuirtear bearta sriantacha, díréireacha cosantaíochas a thagann salach ar phrionsabail bhunúsacha na gConarthaí agus ar shaoirsí bunúsacha an Aontais leis an gcur chuige atá beartaithe. Is sampla den chineál sin forála nach mór do thiománaí filleadh ar áit ar leith.

Cuireann an Pholainn, an Bhulgáir, an Liotuáin, Málta, an Ungáir go láidir i gcoinne:

- An tsamhail scoilte lena bhforáiltear do chur i bhfeidhm córas maidir le postú do thiománaithe i mbun oibríochtaí trádála idirnáisiúnta agus oibríochtaí cabatáiste. Déanfar ilroinnt ar mhargadh an Aontais mar gheall ar an togra agus idirdhealú idir roinnt Ballstát gona dtiománaithe. Cuirfidh sé bac ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh d'iompar de bhóthar, cruthóidh sé ualach riaracháin díréireach d'oibreoirí, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ina theannta sin, déanfaidh sé an iomaíocht mhíchothrom idir oibreoirí Aontais agus oibreoirí lasmuigh den Aontas a dhoimhniú, rud a bheidh chun aimhleas oibreoirí Aontais. Agus an meall mór ar deireadh, méadóidh sé líon na mbacainní ar thrádáil an Aontais.
- Cosc iomlán ar thréimhsí scíthe seachtainiúla rialta a thógáil sa chábán. Réiteach sriantach atá anseo nach gcuireann san áireamh an easpa limistéar scíthe oiriúnach ina bhfuil cóiríocht chúí san Eoraip. Sa chás sin, ní thiofáidh feabhas ar dhálaí oibre na dtiománaithe mar ní bhainfidh tiománaithe tairbhe as an mbonneagar nach ann dó agus a mbeidh am de dhíth lena thógáil.

- Srianta breise a fhorchur ar chabataíste i bhfoirm tréimhse mharana de chúpla lá. Beart sriantach díreireach cosantaíoch eile é seo lena bhforchuirtear bacainn riaracháin threallach ar rochtain ar an margadh.

Dá bharr sin, in ionad borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin rathúnas in earnáil iompair an Aontais, is é a bheidh mar thoradh ar chur chun feidhme Phacáiste Soghluaisteachta I mar atá faoi láthair féimheacht tarlóirí beaga agus meánmhéide, méadú ar rátaí dífhostaíochta an Aontais, ardú géar praghsanna ar a lán earraí agus seirbhísí lena ndéantar difear diúltach do thomhaltóirí, agus moilliú ar an bhfás eacnamaíoch. Beidh tionchar i bhfad níos measa aige ar Bhallstáit atá lonnaithe i lár an Aontais, áit inar cuid thábhachtach den gheilleagar í earnáil an iompair.

Dá bhrí sin, toisc gur léir go bhfuil easpa cothroime agus cothromaíochta sa chur chuige atá beartaithe ag an gComhairle i ndáil leis an bPacáiste Soghluaisteachta, tá an Pholainn, an Bhulgáir, an Liotuáin, Málta agus an Ungáir ag vótáil ina choinne.

An Bheilg

Tá sé deimhnithe ag an mBeilg gur vótáil sí i gcoinne Phacáiste Soghluaisteachta I le linn na Comhairle Iompair ar an 03/12/2018.

Ní féidir leis an mBeilg tacú leis an gcóras nua cabatáiste atá beartaithe faoi Rialachán 1072/2009 a gcuireann a thréimhse mharana 5 lá inbhuanaitheacht ghníomhaíocht eacnamaíoch a hearnála i mbaol.

An tSualainn

Ráiteas ón tSualainn maidir leis an togra le haghaidh Treoir i ndáil le Treoir 2006/22/CE agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) (an Bhruiséil, 28 Samhain 2018, 14802/18 ADD 4)

Is féidir leis an tSualainn tacú le cur chuige ginearálta an togra seo, ach ba mhian léi go gcuirfí an bharúil seo a leanas faoi Airteagal 2(4)(a) leis an bprótacal agus go gcuirfí san áireamh í sa phróiseas atá ar na bacáin.

Measann an tSualainn go mbeadh sé tairbhiúil dá gcuirfí urraim do shamhlacha náisiúnta dhlí an tsaothair in iúl go soiléir in Airteagal 2.4(a) agus dá n-aithneofaí ann ról na gcomhpháirtithe sóisialta maidir leis na Conarthaí. Tá ról ag na comhpháirtithe sóisialta i ndáil le faireachán a dhéanamh ar dhálaí oibre agus ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta i roinnt Ballstát. Déantar é sin a choimirciú sna treoracha ginearálta maidir le postú a bhfuil an treoir atá beartaithe in ainm is a bheith ina *lex specialis* acu. Ionas go bhfeidhmeoidh an *lex specialis* ar an mbealach céanna leis na treoracha ginearálta i dtaca leis sin, is innholta soiléiriú a thabhairt. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcuirfí in iúl in Airteagal 2.4 (a) go bhféadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta an fhaisnéis sa dearbhú postúcháin a chur ar fáil, mar shampla trí chlár, d'údaráis eile nó do na comhpháirtithe sóisialta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le cleachtais náisiúnta.

Ba mhaith leis an tSualainn a mheabhrú freisin go ndéanann an Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ról na gcomhpháirtithe sóisialta a urramú.